Gaelscoil Moshíológ, An Chraobhach, Bth. Charn an Bhua, Guaire, Co. Loch Garman
www.facebook.com/GaelscoilMoshíológ www.gaelscoilmoshiolog.com
Guthán: 053 9484028 Ríomhphoist: eolasgm@gmail.com

Tag:/Re: Polasaí OCG

Polasaí OCG

Réamhrá

Is cur chuige dearbhaithe é an polasaí seo chun OCG a mhúineadh i nGaelscoil Moshíológ. Forbraíodh an polasaí seo chun eolas a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí faoin ábhar a chlúdaítear sa chlár OCG laistigh den churaclam OSPS.

Réasúnaíocht

Tá meas agus cúram do gach indibhidiúil mar chomhartha sóirt den oideachas a chuirtear ar fáil i nGaelscoil Moshíológ. Freastalaítear ar riachtanais an pháiste laistigh de thimpeallacht dea-struchtúrtha, timpeallacht a ligeann don pháiste maireachtáil mar pháiste agus forbairt mar dhuine iomlán – go hacadúil, go sóisialta, go mothúchánach agus go spioradálta. Fad is a chothaítear saol óg an pháiste, déantar iarracht freisin atmaisféar a chur chun cinn a chuirfidh ar chumas gach páiste barr a c(h)umais a bhaint amach laistigh de thimpeallacht shábháilte. Sa timpeallacht seo spreagtar páistí le bheith muinineach, neamhspleách, cruthaitheach agus chun meas a léiriú. Is laistigh den chreatlach seo a chuirfear an clár OCG i bhfeidhm.

Sainmhíniú OCG

Tá sé mar aidhm ag an gclár OCG deiseanna a chur ar fáil do pháistí foghlaim faoi chaidrimh agus faoi ghnéasacht i mbealaí a gcuireann ar a gcumas smaoineamh agus gníomhú i slí mhorálta, chomhbhách agus freagrach. Sa chlár seo, déanfar iarracht dea-íomhá díobh féin agus meas a léiriú orthu féin agus ar dhaoine eile a chur chun cinn. Tabharfar eolas cuí dóibh ag brath ar a n-aois-ghrúpa.

OCG mar chuid dár gclár OSPS

Múintear OSPS mar ábhar le linn na scoilbhliana ó naíonáin bheaga go rang a sé. Clúdaítear raon leathan de thopaicí tríd an gclár ag leibhéal a bhíonn oiriúnach don aoisghrúpa. Tá OCG mar chuid den chlár seo; is curaclam bíseach é a chinntíonn go gclúdaítear na topaicí i mbealach forbartha le linn bhlianta bunscoile an pháiste.

Ag cur OCG san áireamh sa Churaclam

Éascaítear an clár OCG sna bealaí seo a leanas:

- i gcomhthéacs atmaisféar scoile dearfach
- i gcomhthéacs cód iompair scoile éifeachtach agus polasaí frith-bhulaíochta
- Mar chuid den chlár oideachas reiligiúnach
- Mar chuid den amchlár OSPS

- Ar bhealach comhtháite tras-churaclam

Aidhmeanna an chláir OCG

- Forbairt phearsanta, féin-mhuinín agus folláine gach páiste a fheabhsú
- Cabhrú le páistí cairdis shláintiúla agus caidrimh shláintiúla a fhorbairt
- Tuiscint agus dearcadh dearfach a chothú i leith gnéasacht daonna agus caidrimh dhaonna laistigh de chreatlach morálta, spioradálta agus sóisialta
- Cur ar chumas an pháiste níos sine tuiscint a fháil agus meas a léiriú ar an ngrá daonna agus ar bheatha nua
- Iontas a fhorbairt sna páistí maidir le próiseas an bhreith agus na beatha nua
- Cur ar chumas an pháiste a bheith compordach lena g(h)neasacht féin agus gnéasacht daoine eile fad is atá sé/sí ag forbairt agus ag fás

Treoirlínte maidir le Bainistíocht agus Eagrú OSPS inár scoil:

Ábhar

Tuigimid gurb iad na tuismitheoirí príomhoideachasóirí na bpáistí agus gur timpeallacht nádúrtha é an baile inar chóir d'OCG tarlú. Is é an ról atá ag an scoil, áfach, ná tacú leis an obair a dhéantar sa bhaile maidir le hOCG. Leanfar treoirlínte na ROS, a luaitear sa churaclam OSPS (1999), chun na cuspóirí ábhair a mhúineadh sna ranganna.

- Múinfear OCG sna ranganna go léir.
- Beidh nádúr bríoch ag baint leis an gcuraclam OCG/OSPS agus clúdófar gach cuspóir ábhair faoin am a chríochnaíonn an páiste Rang 6.
- Is ag deireadh théarma 2/tús théarma 3 (Márta/Aibreán) a mhúinfear na ceachtanna discréideacha OCG do na naíonáin suas go Rang 4. Clúdófar na ceachtanna seo laistigh de na snáithaonaid 'Ag fás agus ag athrú' agus 'Ag tabhairt aire do mo chorp'. Tabharfaidh banaltra ón FSS (HSE) faoi na ceachtanna discréideacha i Rang 5 agus Rang 6 a mhúineadh (athruithe fisiceacha le linn caithreachais, míostrú, comhriachtain, giniúint do na ranganna sinsearacha) i mí an Mheithimh (Téarma 3).
- Freagrófar aon cheist a ardófar maidir le hábhar na gceachtanna i mbealach aois-oiriúnach. Níl dualgas ar an múinteoir ranga aon cheisteanna nach mbaineann leis na cuspóirí ábhair a pléadh le linn an cheachta a fhreagairt. Cuirfear na páistí ar an eolas má bhaineann ceist nó fadhb le hábhar nach gclúdaítear sa chlár agus cuirfear comhairle orthu labhairt lena dtuismitheoirí faoi.
- Beidh gach áis a úsáidfear le linn mhúineadh an chláir seo ag teacht le héiteas na scoile agus mar chuid de spioraid an pholasaí seo.
- Is banaltra ón FSS a dhéanfaidh cur i láthair OCG a thabhairt do na páistí ó Rang 5 agus Rang 6 gach bliain i mí an Mheithimh. Bainfear úsáid as an gclár 'Busy Bodies' mar chuid den chuairt seo. Seolfar cóip den DVD agus den leabhrán abhaile chuig tuismitheoirí sula dtiocfaidh an banaltra ar cuairt chun na scoile.
- Faoi láthair i nGaelscoil Moshíológ, múineann na múinteoirí ranga an t-ábhar OCG dá ranganna féin. Déanfar socrúchán, áfach, má bhíonn deacracht ag múinteoir na topaicí discréideacha a bhaineann leis an gclár a mhúineadh. Déanfar socruithe comhaontaithe le múinteoirí eile na codanna den chlár, a mbíonn deacracht ag an múinteoir áirithe leo, a mhúineadh ina (h)áit.

- Féach Aguisín I chun imlíne de chlár OCG a fheiceáil.
- Féach Aguisín II chun an foclóir a mhúinfear le linn ceachtanna discréideacha a fheiceáil.

Polasaithe Scoile agus Pleananna Curaclaim a thugann tacaíocht don Clár OCG

- An Curaclam OSPS
- An Clár Bí Sábháilte
- An Clár Misneach
- Cód iompair agus cód smachta na scoile
- Polasaí frithbhulaíochta
- Polasaí um Chosaint Leanaí
- Polasaí úsáide inghlactha
- Polasaí maidir le leigheas a riaradh

Ag teacht le dearcadh agus spiorad na bpolasaithe seo, tugtar tacaíocht i slí neamhfhoirmiúil do na haidhmeanna OCG. Spreagaimid dea-iompar, cumarsáid oscailte, tuiscint ar dhifríochtaí agus a bheith caoinfhulangach orthu, agus meas a léiriú ar fhoireann na scoile agus ar dhaoine eile. Tuigimid go mbíonn cearta agus freagrachtaí ag daltaí agus ag an bhfoireann inár scoil. Cothaítear freagracht sa scoil agus tugtar aire d'fholláine gach ball den phobal scoile.

Amchlár

Tá leath uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar an amchlár don OSPS/OCG. Aithnítear gurb iad na tuismitheoirí príomhoideachasóirí a bpáistí agus go mbíonn an scoil ag obair i gcomhpháirt leo i ról tacaíochta. Nuair a chlárófar a bpáiste, cuirfear léargas den chlár OSPS/OCG ar fáil do thuismitheoirí mar aon le cóip den pholasaí seo. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas sula múinfear na ceachtanna a mbeidh ábhair íogaire ag baint leo. Tá teacht ar na leabhair churaclaim agus ar na hábhair acmhainní ar líne trí www.pdst.ie agus tá fáilte roimh thuismitheoirí breathnú orthu más mian leo.

Tarraingt amach ó cheachtanna OCG

Os rud é go bhfuil sé mar cheanglas éigeantach ag an ROS go múinfear an clár OCG, ní mór don chlár a bheith ionchuimsitheach. Léireofar meas, áfach, ar chearta an tuismitheora a p(h)áiste a tharraingt amach ó na ceachtanna OCG a mbíonn ábhair íogaire ag baint leo ar an tuiscint go bhfuil an tuismitheoir chun freagracht iomlán a ghlacadh don ghné seo d'oideachas a p(h)áiste. Ní mór do thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas i scríbhinn má dhéantar cinneadh a p(h)áiste a tharraingt amach ó na ceachtanna OCG a mbíonn ábhair íogaire ag baint leo. Ní bheidh an scoil freagrach as aon eolas a d'fhéadfadh an páiste a fháil lasmuigh de theagasc na gceachtanna OCG.

Páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) orthu

Rachfar i gcomhairle le tuismitheoirí páistí a bhfuil RSO orthu más gá. D'fhéadfadh an scoil na ceachtanna a mbíonn ábhair íogaire ag baint leo a mhúineadh ar bhonn indibhidiúil nó i ngrúpaí beaga má iarrann an tuismitheoirí páistí a bhfuil RSO orthu amhlaidh a dhéanamh. Seans go mbeidh réimse de mhodhanna teagaisc ag teastáil do pháistí áirithe.

Rúndacht agus cosaint Leanaí

Sa chás go nochtann páiste mí-úsáid, leanfaidh an scoil treoirlínte na ROS maidir le cosaint leanaí agus na treoirlínte a bhaineann le 'Tús áite do Pháistí'.

Acmhainní

- An Clár Bí Sábháilte
- Na lámhleabhair OCG
- Busy Bodies
- Making the Links
- Áiseanna eile a mheasann na múinteoirí ranga agus an príomhoide a bheith oiriúnach do mhúineadh OCG

Socruithe maidir le Tacaíocht Leanúnach

- Tá fáilte ag tuismitheoirí breathnú ar an gcuraclam más mian leo
- Rachfar i dteagmháil le tuismitheoirí roimh cheachtanna a mbíonn ábhair íogaire ag baint leo a mhúineadh agus lena linn. Seolfar cóip de leabhrán agus de DVD Busy Bodies abhaile chuig tuismitheoirí sula dtiocfaidh an banaltra ón FSS ar cuairt.
- Cuirfidh an Bord Bainistíochta tacaíocht ar fáil d'aon mhúinteoir a thugann faoi fhorbairt ghairmiúil OCG de réir mar a thagann deiseanna chun cinn

Cur i bhfeidhm an Pholasaí

Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm le linn na scoilbhliana 2021.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar bhonn leanúnach nó níos luaithe má bhíonn gá leis. Cuirfear tuismitheoirí agus foireann na scoile ar an eolas má dhéanfar aon athruithe.

Daingniú

Rinne an Bord Bainistíochta an polasaí seo a dhaingniú ar 20/09/2021.

Síniú: Carol Scott Dáta: 20/09/2021 (Príomhoide)

Síniú: Melanie Nr Dhuinn Dáta: 20/09/2021 (Cathaoirleach)